3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra chun maoine agus saoirse chun gnó a sheoladh (Airteagail 16 agus 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar bhunphrionsabal an neamh-idirdhealaithe.

(1) OI 2022, L 87 I, lch. 44.
(2) OI 2022, L 87 I, lch. 1.

---

**Caingean arna tabhairt an 24 Bealtaine 2022 – A2B Connect agus páirtithe eile v an Chomhairle**

**(Cás T-307/22)**

(2022/C 276/24)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí*: A2B Connect BV (Purmerend, an Ísiltír), BIT BV (Ede, an Ísiltír), Freedom Internet BV (Amstardam, an Ísiltír) (ionadaí: L. Oranje, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— Rialachán (AE) 2022/350 ón gComhairle an 1 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (1) agus Cinneadh (CBES) 2022/351 ón gComhairle an 1 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (2) a chur ar neamhní de bhun Airteagal 263 CFAE; agus

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear nach dtugtar le hAirteagal 29 CAE ná le hAirteagal 215 CFAE bunús dleathach don chinneadh a chonspóidtear ná don rialachán a chonspóidtear, faoi seach, agus/nó gur ghníomhaigh an cosantóir lasmuigh dá inniúlacht mar atá cumhdaithe sna Conarthaí, go háirithe Teideal V CAE.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go sáraítear leis an rialacháin a chonspóidtear agus an cinneadh a chonspóidtear Airteagal 11 agus Airteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear go sáraítear leis an rialacháin a chonspóidtear agus an cinneadh a chonspóidtear Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus gurb ionann iad agus sárú ar rialacha dlí a bhaineann le cur i bhfeidhm na gConarthaí, go háirithe prionsabail ghinearálta an dea-riaracháin.

(1) IO 2022, L 65, lch. 1.
(2) IO 2022, L 65, lch. 5.

---

**Caingean arna tabhairt an 25 Bealtaine 2022 – PC v an Chomhairle**

**(Cás T-309/22)**

(2022/C 276/25)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PC (ionadaithe: G. Lansky, P. Goeth agus A. Egger, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh